Aguisín B

Líon na rolluithe a theastaíonn don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i **nGnáthscoileanna, i nGaeilscoileanna agus i Soileanna Náisiúnta Gaeltachta** don scoilbhliain 2017/18

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar **Phríomhoide Riaracháin** sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2016**
Gnáthscoileanna, Gaeilscoileanna, Scoileanna Gaeltachta	177 dalta (114 dalta má tá sainaonad uathchais á oibriú)

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar **Leas-Phríomhoide Riaracháin** sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2016**
Gnáthscoileanna, Gaeilscoileanna, Scoileanna Gaeltachta	637 dalta
Scoileanna príomhshrutha ina bhfuil cúig rang speisialta nó níos mó ná sin do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta íosmhinicíochta acu	Ní shonraítear aon rollú dó sin

Déanfaidh scoileanna a dtéann an athrú rialach (a tugadh isteach le bearta athchóirithe 2012 i dtaobh leithdháileadh múinteoirí) maidir le socruithe don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus don ról mar Leas-Phríomhoide Riaracháin atá bunaithe go hiomlán ar an rollú chun dochair dóibh a stádas riaracháin a choinneáil go dtí go bhfuil Príomhoide nó Leas-Phríomhoide nua, de réir mar is cuí, sa scoil **ar choinníoll go gcomhlíonann siad an riail stairiúil.**

Na rolluithe a theastaíonn don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i **mBunscoileanna DEIS Bhandaí Uirbeacha 1 agus 2** don scoilbhliain 2017/18

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar **Phríomhoide Riaracháin** sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2016**
Banda 1 DEIS	116 dalta (81 dalta má tá sainaond uathchais á oibriú sa scoil)
Banda 2 DEIS	144 dalta (114 dalta má tá sainaond uathchais á oibriú sa scoil) *

* Ceadófar post breise le haghaidh róil mar Phríomhoide Riaracháin i gcás go bhfuil rollú idir 144 agus 176 sa scoil (114 agus 176 má tá sainaond uathchais á oibriú sa scoil) ar an 30 Meán Fómhair 2016.

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar **Leas-Phríomhoide Riaracháin** sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2016**
Banda 1 DEIS	500 dalta
Banda 2 DEIS	637 dalta
Scoileanna DEIS Banda 1 agus Banda 2 ina bhfuil cúig rang speisialta nó níos mó do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta íosmhinicíochta acu	Ní shonraítear aon rollú dó sin

Déanfaidh scoileanna a dtéann an athrú rialach (a tugadh isteach le bearta athchóirithe 2012 i dtaobh leithdháileadh múinteoirí) maidir le socruithe don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus don ról mar Leas-Phríomhoide Riaracháin atá bunaithe go hiomlán ar an rollú chun dochair dóibh a stádas riaracháin a choinneáil go dtí go bhfuil Príomhoide nó Leas-Phríomhoide nua, de réir mar is cuí, sa scoil **ar choinníoll go gcomhlíonann siad an riail stairiúil.**